Office of TOBACCO CONTROL

Treoir le haghaidh Thrádáil Ceadúnaithe na hÉireann

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004
Mír 47 - Cosc ar Chaitheamh Tobac

Treoir le haghaidh Thrádáil Ceadúnaithe na hÉireann

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004
Mír 47 - Cosc ar Chaitheamh Tobac

Oifig Rialaithe Tobac
Ionad Siopadóireachta Chlaonadh
Claonadh, Co. Chill Dara

Teil: +353 45 892 015
Faics: +353 45 892 649
Gréasán Líonra: www.otc.ie
Ríomhphost: info@otc.ie

© Márta 2004

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004
Mír 47 – Cosc ar Chaitheamh Tobac

Cúlra

Tháinig tuairisc neamhspleách a ndearna an Oifig Rialaithe Tobac agus an tÚdarás um Shláinte agus Sábháilteachta coimisiúnú uirthi dar teideal "Eifeachtaí Sláinte ar Ghal Comhshaoil Tobac (GCT) sa Láthair Oibre", 2003 chuig an gconclúid go gcruthaíonn nochtadh chuig GCT ailse na scamhóg, galar croí agus fadhbanna riospráide. Déanann an tuairisc rud mór d'fhoirne a oibríonn i dtabhairní agus oibrithe eile fáiltithe atá faoi riosca suaithinseach ina láthair oibre agus ciallaíonn seo leibhéil foircneach nochtadh maidir le GCT.

Dá thoradh sin, tugadh isteach cosc ar chaitheamh tobac i láithreacha oibre dúnta isteach, lena n-áirítear tithe tábhairne, faoi Alt 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004. Cuirfidh oifigigh údaraithe ag oifigigh príomhfheidhmeannaigh na hOifige Rialaithe Tobac agus na boird sláinte faoi Mhír 48 de na hAchtanna an reachtaíocht i bhfeidhm.

Tá an cháipéis seo ar cheann de shraith cáipéisí a bhfuil ar intinn aige faisnéis a chur ar fáil d'fhostóirí/bainisteoirí dá ndualgais maidir le Mír 48 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004. Bhí buairt shonrach léirithe ag an earnáil fáiltithe maidir le tabhairní a bheadh saor ó thobac a thabhairt isteach. Mar fhreagra ar an mbuairt seo d'aontaigh an Oifig Rialaithe Tobac i gcomhar leis na comhlachtaí ábhartha ionadaíochta, treoir shonrach a fhorbairt den chuid seo den earnáil le géilliúntas a éascú maidir leis an mbac ar chaitheamh tobac.

Déanann an foilseachán seo iarracht le treoir a thabhairt d'áititheoirí, bainisteoirí agus daoine eile atá bainteach leis an trádáil ceadúnaithe lena n-áirítear tabhairní, bialanna agus clubanna oíche, ar conas a dhéanfadh siad iarracht cloí lena ndualgaisí reachtúla faoi Mhír 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004, agus tá sé gan dochar maidir le haon dualgas reachtúil eile faoi dhlí coiriúil nó sibhialta. Níl tada sna hachtanna seo a chuireann brú ar fhostóir nó bainisteoir le caitheamh tobac a cheadú nó le láthair caitheamh tobac a sholáthar.

Tabharfaidh an bac ar chaitheamh tobac sa láthair oibre cúnamh d'fhostóirí/bainisteoirí ina ndualgaisí réamh-bhunaithe cloí le dlí comónta maidir le cúram, mar aon lena bhfeagracht reachtúil le comhshaol réasúnta sábháilte a sholáthar.

Ní éigintíonn an díolúine ar áit nó láthair ón mbac freagrachtaí an fhostóra/bainisteora ó na freagrachtaí seo. Moltar d'fhostóirí agus bainisteoirí a bhfuil freagracht acu i leith láithreach a bhfuil díolúine acu ón mbac ar chaitheamh tobac sa láthair oibre athbhreithniú a dhéanamh ar a mbearta maidir leis an nochtadh ag GCT a mhaolú ar a laghad. Ba chóir go dtarlódh caitheamh tobac in áiteanna a bhfuil díolúine faighte acu ón mbac a tharlú in áiteanna a chiallódh nach seolfaí gal ó na láithreacha seo isteach sa láthair oibre atá dúnta isteach agus a chinntiú go bhfuil nochtadh don fhostaí ídithe.

Léiríonn an taithí atá ag fostóirí maidir le feidhmiú bearta saor-ó-ghal an luach atá le bearta saor-ó-ghal a bheith scríofa síos mar chuid den athrú sa phróiséas bainistíochta. Tá cosaint ar thríú páirtithe agus géilliúntas le freagrachtaí reachtúla mar bhunús ar a leithéid de bhearta. Áitíonn feidhmiú torthúil ar bhearta saor-ó-ghal, cumarsáid mhaith le fostaithe, tré chomhairliúchan ciallmhar agus dóthain ama le haghaidh athruithe agus tuiscint dóibh siúd a chaitheann tobac.

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004
Mír 47 – Cosc ar Chaitheamh Tobac

1. Aidhm

Tugann an foilseachán seo treoir d'áititheoirí, bainisteoirí agus daoine eile atá bainteach leis an trádáil ceadúnaithe lena n-áirítear tabhairní, bialanna agus clubanna oíche, maidir le conas a d'fhéadfadh siad cloí lena bhfreagrachtaí ag teacht as Mír 37 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 a chuireann cosc ar chaitheamh tobac sa láthair oibre.

Sa bhreis air sin, moltar d'áititheoirí, bainisteoirí agus aon daoine eile atá i gceannas ar láthair ceadúnaithe, lena n-áirítear tithe tábhairne, bialanna agus clubanna oíche, dul i dteagmháil le háisíneachtaí forfeidhmiúcháin m.sh. na boird sláinte (seirbhís sláinte comhshaoil) agus an Oifig Rialaithe Tobac le haghaidh comhairle agus/nó cúnamh maidir le feidhmiú an dlí.

2. Reachtaíocht Ábhartha

Cuireann Mír 47(1) de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 cosc ar chaitheamh ábhar tobac in áit sonraithe. Ciallaíonn sainmhíniú ar 'áit sonraithe' ná áit lena n-áirítear láithreacha ceadúnaithe agus clubanna cláraithe chomh fada is gur láithreacha oibre atá iontu.

Faoi Mhír 47 (2) de na hAchtanna, tá aon duine a chaitheann tobac ag sárú fothmhír (1) den mhír sin agus tá sé/sí ciontach i gcoir.

Faoi Mhír 47(3) na hAchtanna, áit a chaitheann duine tobac ag sárú fothmhír (1) den mhír sin, tá an áititheoir, bainisteoir nóaon duine eile den tréímhse ama sin freagrach as an áit a déantar an sárú ciotach i gcoir.

Cruthaíonn Mír 47 (4) na hAchtanna cosaint do dhuine a dtógtar imeachtaí ina c(h)oinne chomh fada is gur féidir leo a chruthú go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta acu le géilliúlacht le Mír 47 a chinntiú.

Sonraíonn Mír 47 (7) áiteanna/láithreacha nach dtagann faoin mbac. Áirítear leo seo teaghais, seomraí codlata in ostáin agus áiteanna agus láithreacha, nó cuid d'áiteanna agus láithreacha, nach bhfuil clúdaithe go hiomlán ag díon pé acu seasta nó gur féidir é a bhaint, nó cuid de láithreacha áiteanna lasmuigh a bhfuil díon seasta nó inbhogtha, chomh fada is nach bhfuil caoga fán gcéad d'imeall na coda sin timpeallaithe ag balla amháin nó níos mó nó struchtúirícomónra (lena n-áirítear fuinneoga, doirse, geataí nó bealaí eile rochtaine le nó ón gcuid sin).

Faoi Mhír 5 (2A) de na hAchtanna tá duine a fhaightear ciontach i gcoir faoi Mhír 47 freagrach as ciontú achomair le fíneáil suas le €3,000.

3. Scóip

Déanann an cháipéis seo iarracht treoir a thabhairt ar chéimeanna praiticiúla ar féidir leis an áititheoir, bainisteoir nó aon duine eile atá i gceannas ar láthair ceadúnaithe áit a bhfuil bac ar chaitheamh tobac faoi Mhír 47(1) le 'gach iarracht réasúnta' a dhéanamh faoi Mhíreanna 47(3) agus 47(4) na nAchtanna, agus tá sé gan dochar maidir le haon obligeáid eile faoi dhlí coiriúil nó sibhialta.

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004
Mír 47 – Cosc ar Chaitheamh Tobac

4. Comhlíonadh / Forfheidhmiú

Ba chóir d'áititheoirí, bainisteoirí agus aon duine eile atá i gceannas ar láthair ceadúnaithe gach iarracht réasúnta lena chinntiú go bhfuil a bhfoireann oibre agus a gcustaiméirí feasach maidir leis an gcosc ar chaitheamh tobac d'fhonn áisitheoireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an dlí.

Ba chóir d'fhostóirí agus bainisteoirí iarrachtaí réasúnta a dhéanamh lena chinntiú nach gcaitheann fostaithe, custaiméirí agus cuairteoirí eile ina láthair (m.sh. foth-chonraitheoirí) tobac i gcoinne an dlí.

Ba chóir d'áititheoirí, bainisteoirí nó daoine eile atá freagrach as láthair ceadúnaithe a fheiceann nó a gcuirtear ar an eolas iad faoi dhuine atá ag caitheamh tobac i gcoinne an dlí, iarrachtaí réasúnta a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirtear deireadh leis an sárú agus nach dtarlaíonn sé arís.

Is iad seo leanas na híosiarrachtaí réasúnta a bhfuil gá leo:

a) Forbairt a dhéanamh ar agus feidhmiú ar bhearta saor ó ghal (féach mír 5 thíos);
b) Léirigh na comharthaí ábhartha "Ná Caitear Tobac" (féach mír 6 thíos);
c) Bain na luaithreadáin agus árthaigh eile dá chineál agus cur boscaí ábhartha ag pointí iontrála áit gur féidir toitín a chur amach áit is cuí;
d) Cur in iúl don duine atá ag caitheamh tobac i dtabhairne, bialann nó club oíche go bhfuil sé/sí ciontach i gcoir;
e) Diúltú seirbhís a chur ar fáil do dhaoine atá ag caitheamh tobac ag sárú an dlí;
f) Iarraidh ar aon duine atá ag caitheamh tobac ar an láthair a t(h)oitín a chur amach nó an láthair a fhágáil ar fad.

5. Beartas Saor ó Chaitheamh Tobac

Ba chóir d'áititheoirí, bainisteoirí nó aon duine eile atá freagrach as láthair ceadúnaithe le chéile bearta scríofa a fhorbairt agus nósanna imeachta a shocrú le comhlíonadh le soláthar Mír 47 mar go bhfuil siad fhéin freagrach do póitéinsiúil faoi Mír 47(3) de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

Ba choir den bhearta seo aitheantas soiléir a thabhairt de cé hiad go sonrach sa bhainistíocht agus san fhoireann oibre atá freagrach as feidhmiú na mbearta sa chás nach ndéantar na rialacha a chomhlíonadh. Ba choir go mbeadh ráiteas sa bhearta seo ag cur comhairle ar an bhfoireann oibre dá gcearta oibriú i gcomhshaol saor ó ghal agus faisnéis, más gá, ar conas cúnamh a fháil ar tobac a thabhairt suas. Ba chóir go ndéanfaí an bhearta seo agus na nósanna imeachta a ghabhann leis a chumarsáid do gach bhall foirne sula dtosaíonn siad ag obair. (Tá bearta saor-ó-ghal múnlach léirithe ar leathanach 5).

6. Comharthaíocht

Ba chóir go mbeadh comharthaíocht "Ná Caitear Tobac" a léiriú go soiléir ionas gur féidir le hoibrithe, custaiméirí agus cuairteoirí iad a fheiceáil go soiléir agus iad sa láthair. Ba choir go n-áireodh na comharthaí seo ainm an té (úinéir/bainisteoir) a ndéanfaí gearán chuichi nó chuige sa chás go dtarlaíonn sárú.

Ba chóir go mbeadh comhartha "Ná Caitear Tobac" a bheidh le feiceáil go lán aimseartha ag áiteanna feiceálacha ar theacht isteach sa láthair, ag cúntair seirbhíse, in áiseanna leithris agus seomraí foirne. Ba choir go mbeadh an siombail idirnáisiúnta "Ná Caitear Tobac" ar gach comhartha agus go mbeadh siad in ann ídiú ama a sheasamh. (Tá comhartha samplach "Ná Caitear Tobac" ar leathanach 7).

Samhail de Bhearta Láthair Oibre Saor-Ó-Ghal do Thrádáil Ceadúnaithe na hÉireann

Aidhm

Glaotar caitheamh tobac fulangach ar nochtadh duine do ghal dara-láimhe/Gal Commhshaoil Tobac (GCT) ar chaitheamh tobac fulangach agus is cúis galair é, lena n-áirítear ailse na scámhóg agus galair croí, i dtriú páirtithe. Ní féidir le rangú fisiciúil lucht caite tobac uathu siúd nach gcaitheann tobac san aer-spás céanna nó soláthar sruthlú aer nochtadh chuig GCT agus na héifeachtaí sláinte a leanann a leithéid de nochtadh. Tá an bearta seo forbartha le cosaint a thabhairt d'oibrithe, úsáideoirí seirbhíse, custaiméirí agus cuairteoirí ó nochtadh ag GCT, le géilliúlacht le hobligeáidí reachtúla a chinntiú agus le comhshaoil oibre sábháilte a chinntiú.

Beartas

Tá sé i réimse suime [CUR ISTEACH AINM AN GHNÓ] go bhfuil a láithreacha oibre saor ó ghal agus go bhfuil de cheart ag oibrithe oibriú i gcomhshaol atá saor ó thobac.

Tá cosc ar chaitheamh tobac sa láthair oibre iomlán gan aon eisceacht. Feidhmíonn an beart seo i leith gach fostaí, comhairleoirí, conraitheoirí, custaiméirí agus cuairteoirí.

Feidhmiú

Tá freagracht iomlán ar fheidhmiú an bheartais ar an áititheoir, bainisteoir nó aon duine eile atá freagrach as an láthair oibre. Tá freagracht ar gach ball foirne cloí le, agus áisitheoireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an bhearta seo.

Cuirfidh an té atá i gceannas in iúl do gach ball foirne, comhairleoirí, conraitheoirí den bhearta seo agus a ról siúd i bhfeidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh ar an mbearta. Tabharfar cóip den bhearta do gach bhall foirne, comhairleoirí, conraitheoirí nua ar earcaíocht dóibh ag an té atá i gceannas.

Sárú an Bheartais

Déileáilfar le sárú ag baill foirne tré chleachtais disciplíne áitiúla. Déileáilfear le sárú ag custaiméirí, cliaint srl. de réir na nósanna imeachta sa leathanach dar gcionn. Tá baill foirne agus custaiméirí a sháraíonn an reachtaíocht a chuireann cosc ar chaitheamh tobac sa láthair oibre thíos le ciontú coiriúil leis an bhfíneáil a ghabhann leis.

Deireadh a chur le caitheamh tobac

Tá faisnéis maidir le cúnamh a fháil ar conas caitheamh tobac a thabhairt suas ar fáil ó [……..] m.sh. The National Smokers Quitline (1850 201 203) nó Seirbhís Cur Chun Cinn Sláinte an Shoird sláinte áitiúil.

Cleachtais le haghaidh ball foirne má chaitheann custaiméir tobac ag sárú an dlí a chuireann cosc ar chaitheamh tobac sa láthair oibre

1. Taispeáin na comharthaí “Ná Caitear Tobac” do chustaiméirí agus comhairle a thabhairt dóibh go bhfuil siad ciontach i gcoir má chaitheann siad tobac ar an láthair.

2. Comhairle a thabhairt don chustaiméir gur coir freisin é ag áititheoir, bainisteoir nó aon duine eile atá i gceannas ag an am cead a thabhairt d’aon duine tobac a chaitheamh i gcoinne an dlí.

3. Comhairle a thabhairt don chustaiméir go bhfuil beartas saor-ó-ghal tobac ag an ngnó le comhshaol sábháilte oibre a chur ar fáil d’oibrithe agus do chustaiméirí a leanann ar aghaidh ag caitheamh tobac agus faoin mbeartas seo go bhfuil de dhualgas ar bhaill foirne seirbhís a dhiúltiú do chustaiméirí a leanann ar aghaidh ag caitheamh tobac.

4. Má leanann an custaiméir de bheith ag caitheamh tobac tá tú i dteideal seirbhís a dhiúltiú don duine sin agus iarr orthu an láthair a fhágáil láithreach.

5. Má dhiúltaíonn an custaiméir, feidhmigh an gnáthchleachtas le haghaidh iompraíochta frith-shóisialta ar an láthair.

6. Coimeád taifead cuí dá leithéid de thitim amach agus cur baill foirne ar an eolas faoin ngníomhaíocht a tógadh.

7. I ngach cás a dhéantar bagairt foréigin fhisiciúil nó a dtagtar ar a leithéid, cur in iúl/ nó lorg cúnamh na nGardaí.

Ná Caitear Tobac

Tá sé mídhleathach tobac a chaitheamh san áitreabh seo

Dílseánach: .....

Cuirtear gearáin in iúl do: .....

Fíneáil Uasta €3000 – Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac)

TOBACCO CONTROL

Nótaí

Office of TOBACCO CONTROL

www.smokefreeatwork.ie
soláthraíonn faisnéis maidir le
láithreacha oibre saor ó ghal tobac

Smoke-Free at Work

Oifig Rialaithe Tobac
Ionad Siopadóireachta Chlaonadh
Claonadh, Co. Chill Dara

Teil: +353 45 892 015
Faics: +353 45 892 649
Ríomhphost: info@otc.ie
Greasán Líonra: www.otc.ie